C/2024/6190

15.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11763 – KKR / BAUPOST / MARRIOTT ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6190)

1. An 4 Deireadh Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— KKR & Co. Inc. (in éineacht lena chuid fochuideachtaí, 'KKR') (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— The Baupost Group, L.L.C. ('Baupost', Na Stáit Aontaithe)

— 37 n-eintiteas ar leo punann óstáin de 33 shócmhainn atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a oibríonn faoi na cleamhnachtaí branda 'Marriott' agus 'Delta by Marriott' ('an sprioc', a bhfuil 36 díobh ionchorpraithe in Ógh-Oileáin na Breataine, agus a bhfuil ceann amháin acu ionchorpraithe sa Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh KKR agus Baupost, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, rialú ar an sprioc ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní malartacha mar aon le margaí caipitil agus réitigh árachais,

— Bainisteoir sócmhainní domhanda is ea Baupost a infheistíonn i raon leathan aicmí sócmhainní, lena n-áirítear sealúchais shuntasacha in urrúis fiachais agus urrúis chothromais arna dtrádáil go poiblí, creidmheas príobháideach, cothromas príobháideach agus infheistíochtaí réadmhaoine.

3. Tagraíonn an sprioc do ghrúpa 37 n-eintiteas ar leo punann óstáin de 33 shócmhainn agus a oibríonn faoi na brandaí 'Marriott' agus 'Delta by Marriott'.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11763 – KKR / BAUPOST / MARRIOTT ASSETS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË